Oide
Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí
Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

Cur Chuige na Scoile Uile Maidir le Pleanáil don Fhoghlaim sa tSraith Shinsearach

Tacaíocht do Chláir

Leabhrán Foghlama Gairmiúla 2026-2027

CC BY NC

Clár

Intreoir / Acmhainní Oide/ Padlet 3
Intinní EFG / Do Chohórt Ranga 4
Treoir na Scoile Uile (gníomhaíocht) 5
Treoir na Scoile Uile (TSU) Ról na Foirne 6
An Creat Náisiúnta Cáilíochtaí (CNC) 7
Conairí chun na Todhchaí 8
Ionchuimsiú ag Leibhéal na Scoile Uile (gníomhaíocht) agus Príomhdhoiciméi 10
Táscairí an Dea-chleachtais (gníomhaíocht féinmhachnaimh) 11
Pleanáil don Ionchuimsiú 12
Réimsí Curaclaim agus Modúil CFL1/L2 na Sraithe Sinsearaí 13
Tacaíocht maidir le Pleanáil Chomhoibríoch 14
Tacaíochtaí chun fianaise a bhailiú le haghaidh an mheasúnaithe don teistiúchán 15
Critéir Mheasúnaithe – CFL2 na Sraithe Sinsearaí 16
Pleanáil chun Foghlama le Sonraíocht Athbhreithnithe 17
Pleanáil do CMBanna 18
Spás le haghaidh nótaí plé maidir le Pleanáil Rannóige 19
Cleachtais a Thacaíonn le, a Chothaíonn, agus a Dheimhníonn Obair na Scoláirí 20
Ár gClár a Ailíniú le Ráiteas an Chláir Idirbhliana 21
Forléargas ar Ráiteas an Chláir Idirbhliana 22
Gnéithe na Scoláirí a Ghníomhachtú 23
Modúl IB – Eispéireas a Mhapáil 24
Machnamh ar Eispéireas an Scoláire / Naisc le Tacaíochtaí IB Oide 25
Punann IB / Machnamh agus Athnuachan 26
Micreamhodúil IB / Ár bPleanáil ag Dul Chun Tosaigh 27
Leabharliosta 28

Intreoir

Le linn an EFG, bainfidh muid úsáid as na deilbhíní seo a leanas chun tacú le rannpháirtíocht inniu:



Acmhainní maidir le Tacaíocht do Chláir



Cruthaíodh Padlet ina bhfuil na príomhdhoiciméid



Intinní an EFG

- Fiosróidh muid an dóigh ar féidir le pleanáil chomhoibríoch na scoile uile tacú le timpeallachtaí foghlama atá ionchuimsitheach agus scoláirelárnach.
- Pléifidh muid na prionsabail a bhaineann le pleanáil éifeachtach do scoláirí na sraithe sinsearaí.
- Déanfaidh muid pleanáil éifeachtach chun modúil IB a neartú agus a athnuachan, agus sainaithneoidh agus aithneoidh muid foghlaim na scoláirí san Idirbhliain.

Do Chohórt Ranga

Cad iad na príomhcheisteanna plé do na scoláirí agus tú ag pleanáil don teagasc, don fhoghlaim agus don mheasúnú?

Treoir Scoile Uile

Cén áit a bhfuil nasc agat le Treoir Scoile Uile laistigh de do réimse ábhair cheana féin?



Déan liosta agus cur síos gairid ar ghníomhaíochtaí TSU ar an smeach-chairt ag do bhord. Is féidir naisc chomhchuraclaim agus seach-churaclaim a chur san áireamh chomh maith le naisc le réimse ábhair.

Treoir Scoile Uile

Aithnítear i dtreoir scoile uile go bhfuil ról ag gach ball foirne scoile i dtreoir a thabhairt do scoláirí agus ba cheart é sin a aithint agus a léiriú iontu seo: (i) plean treorach scoile uile de chuid scoile, agus (ii) pleananna roinne ábhair aonair.
Is leagtha amach in Aguisín 1 agus in Aguisín 2 atá samplaí de dhóigheanna a bhféadfaí é sin a bhaint amach.' Nóta Faisnéise TC 0001/2024
Laistigh den chur chuige TSU, tá ról ríthábhachtach agus speisialaithe ag treoirchomhairleoirí. Tugtar breac-chuntas níos mionsonraithe air seo i roinn 4 de Nóta Faisnéise TC 0001/2024.

Sampla de ghníomhaíochtaí TSU a thugann an Rannóg Mhatamaitice fúthu

Gníomhaíocht	Nasc le Treoir Scoile Uile	Treoir do gach scoláire/do roinnt scoláirí/do roinnt bheag scoláirí
Cur chun cinn na n-ábhar STEM	Déanann an Roinn Matamaitice a lán gníomhaíochtaí gach bliain chun gairmeacha in ábhair STEM a chur chun cinn. Is é atá i gceist leis sin ná cur chuige deartha uilíoch a ghlacadh agus úsáid a bhaint as acmhainní éagsúla amhail póstaeir/físeáin/feidhmchláir ríomhaire/cainteanna/turais sheachtracha, etc. Cuirtear ábhair STEM chun cinn ar fud na bliana acadúla ar fad. Díriú ar ghairmeacha in ábhair STEM Díriú ar chonairí oideachais in ábhair STEM	Gach scoláire
Seachtain na Matamaitice	Comórtas do gach scoláire: Iarrtar ar na scoláirí físeán 60 soicind a dhéanamh ina dtaispeántar "conas a úsáidtear matamaitic i ngach post"	Ar oscailt do gach scoláire, páirt a bheith á glacadh sa ghníomhaíocht de ghnáth ag 'roinnt scoláirí'
Athsheiceálacha/Achomhairc Ardteistiméireachta	Bíonn múinteoirí matamaitice ar fáil i mí Lúnasa/mí Mheán Fómhair gach bliain chun tacú le scoláirí atá ag imeacht agus ar mian leo plé a dhéanamh ar an ngrád a fuair siad/ar na roghanna atá acu maidir le hachomharc a dhéanamh, etc.	Ar oscailt do gach scoláire, an ghníomhaíocht a bheith á hiarraidh ag roinnt bheag scoláirí
Nascadh leis an bhfoireann tacaíochta scoláirí	Nascadh leis an bhfoireann tacaíochta scoláirí nuair is cuí	Gach scoláire
Oilimpiad na Matamaitice	Tacú le scoláirí maidir le páirt a ghlacadh in Oilimpiad Matamaitice na hÉireann agus in Oilimpiad Matamaitice Cailíní na hEorpa. Cuireann sé sin forbairt oideachais agus gairme chun cinn i réimse an oideachais.	Roinnt bheag scoláirí
Pleanáil Treorach Scoile Uile agus an Roinn Matamaitice: Déanann an Fhoireann Treorach idirchaidreamh leis an Roinn Matamaitice dhá uair gach bliain (mí Mheán Fómhair agus mí Aibreáin) chun an phleanáil a athrú chun dáta. Freastalaíonn an Roinn Matamaitice ar láithreoireacht ón Treoirchomhairleoir/ó na Treoirchomhairleoirí do gach ball foirne ar threoir scoile uile i dtús gach bliana.		

Tá sampla thuas ó Aguisín 2 (Nóta Faisnéise ROÓ 0001/2024, lch 17): Clár TSU, samplaí de ghníomhaíochtaí ó thaobh an mhúinteora ábhair. Is samplaí iad na táblaí seo de ghníomhaíochtaí TS. Cuirtear san áireamh iad chun críocha taispeántais / míniúcháin agus níl sé beartaithe go mbeadh siad forordaitheach.

Creat Náisiúnta na gCáilíochtaí (CNC)



Is féidir le scoláirí dul isteach sa Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí ag leibhéil éagsúla agus dul chun cinn a dhéanamh trí níos mó ná conair amháin

Conairí	Cur síos	Samplaí
Ardoideachas	Cláir theastais, dioplóma agus céime a ndéantar rochtain orthu tríd an Lár-Oifig Iontrála, iontráil dhíreach nó trí bhealaí iontrála malartacha.	Cláir theastais, dioplóma agus céime a ndéantar rochtain orthu tríd an Lár-Oifig Iontrála, iontráil dhíreach nó trí bhealaí iontrála malartacha.
Breisoideachas agus Oiliúint	Cláir phraiticiúla agus acadúla ina dtairgtear cáilíochtaí, scileanna fostaíochta agus conairí chuig an ardoideachas.	Cúrsaí iar-Ardteistiméireachta, Coláistí um oiliúint agus oideachas teicneolaíochta agus gairme, cláir BOO, Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann Leibhéil 1-
Cláir ag an Tríú Leibhéal	Conairí céime a dtosaítear orthu sa bhreisoideachas agus a leanann ar aghaidh chuig institiúid ardoideachais.	Céimeanna tríú leibhéil, Cláir Bhreidoideachais go hArdoideachais, comhaontuithe dhul chun cinn.
Printíseachtaí agus Cúrsaí Oiliúna	Foghlaim struchtúrtha san ionad oibre agus sa choláiste a fhorbraíonn scileanna gairme agus cáilíochtaí aitheanta.	Printíseachtaí ceardaíochta, gairmiúla agus céime; Tréimhsí oiliúna BOO
Fostaíocht agus Fiontar	Iontráil dhíreach san obair, oiliúint fostóirí, gairmeacha sa tseirbhís phoiblí nó féinfhostaíocht.	Fostaíocht, Fórsaí Cosanta, seirbhísí poiblí, fiontraíocht
Deiseanna Pearsanta, Pobail agus Idirnáisiúnta	Eispéiris a chuireann le scileanna, neamhspleáchas agus le hullmhacht le haghaidh foghlama nó fostaíochta sa todhchaí.	Obair go deonach, deiseanna Eorpacha, taisteal, cláir phobail

Cuimsíonn córas reatha na hÉireann bealaí dhul chun cinn sa bhreisoideachas agus oiliúint, printíseachtaí, cláir rochtana agus bonnchláir, céimeanna tríú leibhéil agus staidéar páirt-aimseartha taobh le gnáthiontráil tríd an Lár-Oifig Iontrála.
Is féidir le scoláirí iarratas a dhéanamh ar níos mó ná conair amháin ón oideachas lar-bhunscoile.
D'fhéadfadh bealaí agus tacaíochtaí breise a bheith ar fáil le Youthreach, Ionaid Oiliúna Pobail, oiliúint agus oideachas teicneolaíochta agus gairme, cláir rochtana agus bonnchláir, DARE (Bealach Rochtana ar Oideachas do Dhaoine faoi Mhíchumas), BRA (Bealach Rochtana ar Ardoideachas), tacaíochtaí míchumais agus seirbhísí fostaíochta.

Conairí chun na Todhchaí

Cliceáil ar an nasc sa dara colún chun rochtain a fháil

National Learning Network	An Líonra Náisiúnta Foghlama	Oideachas agus oiliúint chuimsitheach le tacaíochtaí speisialaithe, ag cuidiú le foghlaimeoirí chun scileanna a fhorbairt agus dul chun cinn a dhéanamh i dtreo breisoideachais, oiliúna agus fostaíochta.
PATH Programme for Access to Higher Education	CONAIR	Maoiniú rochtana agus tionscnaimh de chuid an Údaráis um Ard-Oideachas a dearadh chun rannpháirtíocht san ardoideachas a mhéadú i ngrúpaí atá faoi ghannionadaíocht.
ACCESS COLLEGE	Rochtain ar Choláiste	Eolas agus treoir maidir le bealaí rochtana agus tacaíochtaí a chuidíonn le scoláirí dul ar aghaidh isteach san ardoideachas.
National Tertiary Office Oifig Thrasachta Náisiúnta	Céimeanna Tríú Leibhéil	Conairí nua a ligeann do scoláirí tús a chur le céim tríd an mBreisoideachas agus leanúint ar aghaidh chuig Institiúid Tríú Leibhéil.
FURTHER EDUCATION & TRAINING COURSE HUB	Breisoideachas agus Oiliúint	Acmhainn náisiúnta cuardaigh cúrsaí do dheiseanna Breisoideachais agus Oiliúna, lena n-áirítear cúrsaí a chuirtear ar fáil trí BOOnna agus soláthraithe eile.
etbi	Tréimhse Oiliúna	Gearrchláir struchtúrtha ina gcomhcheanglaítear oideachas agus foghlaim san ionad oibre, arna bhforbairt ag BOOanna le fostóirí.
GENERATION APPRENTICESHIP	Printíseacht	Bealach ina gcomhcheanglaítear foghlaim san ionad oibre le hoideachas agus oiliúint, a mbíonn cáilíochtaí aitheanta i réimse gairmeacha mar thoradh air.
HEA An tÚdarás um Ard-Oideachas The Higher Education Authority	Ardoideachas	Eolaire an Údaráis um Ard-Oideachas d'institiúidí aitheanta ardoideachais in Éirinn, úsáideach chun coláistí agus ollscoileanna a fhiosrú.
YOUTHREACH	Ógtheagmháil	Cuireann sé dhá bhliain d'oideachas, oiliúint agus taithí oibre atá comhtháite ar fáil do luathfhágálaithe scoile dífhostaithe idir 15 agus 20 bliain d'aois agus nach bhfuil cáilíochtaí nó gairmoiliúint acu.
iacto	Ionaid Oiliúna Pobail	Soláthraíonn sé oideachas pobalbhunaithe, gairmoiliúint agus taithí oibre do luathfhágálaithe scoile idir 16 agus 21 bliain d'aois, ag tacú le fostaíocht nó le breisfhoghlaim.

Conairí chun na Todhchaí

Cliceáil ar na naisc sa dara colún chun rochtain a fháil

eCollege skills online	Ecollege.ie	Foghlaim ar líne atá maoinithe ag an rialtas le cúrsaí deimhnithe, saor in aisce, ar féidir leo tacú le scileanna digiteacha, gnó agus eile a fhorbairt.
CAO	An Lár-Oifig Iarratas	Próiseáiltear iarratais ar chúrsaí fochéime in Institiúidí Ardoideachais na hÉireann
Volunteer Ireland Obair Dheonach Éireann	Ag Obair go Deonach	Acmhainn náisiúnta maidir le hobair dheonach inar féidir le foghlaimeoirí deiseanna a iniúchadh, clárú le haghaidh ról agus ceangal a dhéanamh le hionaid dheonacha áitiúla.
EUROPEAN YOUTH PORTAL	Staidéar AE Thar Lear	Cuireann sé deiseanna AE ar fáil do dhaoine óga chun staidéar, obair dheonach, obair agus taisteal a dhéanamh thar lear, chomh maith le tionscnaimh óige, imeachtaí agus Rannpháirtíocht
CareerHub	Mol Gairme FSS	Eolas faoi chonairí gairme sa chúram sláinte, folúntais reatha, earcaíocht, seirbhísí agus réigiúin FSS, imeachtaí gairme agus foláirimh poist atá saincheaptha.
JobsIreland.ie Connecting Employers and Jobseekers	JobsIreland.ie	Seirbhís fostaíochta poiblí na Roinne Coimirce Sóisialaí, a sholáthraíonn cuardaigh phoist saor in aisce, meaitseáil scileanna-bhunaithe, treoir maidir le CV agus tacaíochtaí fostaíochta
QUALIFAX	Qualifax	Soláthraíonn sé bunachar sonraí inchuardaithe de bhreisoideachas agus ardoideachas, oiliúint, cúrsaí printíseachta agus foghlama ar feadh an tsaoil in Éirinn agus níos faide i gcéin.
poistphoiblí publicjobs	Poist Phoiblí	Soláthraíonn sé liostaí de phoist phoiblí agus státseirbhíse, eolas gairme, treoir earcaíochta agus foláirimh poist atá saincheaptha.
Óglaigh na hÉireann IRISH DEFENCE FORC	Baile	Óglaigh na hÉireann	Cuireann sé deiseanna oiliúna agus gairme ar fáil san Arm, san Aerchór agus sa tSeirbhís Chabhlaigh trí bhealaí iontrála d'earcaigh, daltaí agus speisialtóirí.
MICRO CREDS	Micridhintiúir	Gearrchúrsaí solúbtha, creidiúnaithe a chuirtear ar fáil trí institiúidí ardoideachais rannpháirteacha chun tacú le huasoil agus athoiliúint.



Ionchuimsiú ar Leibhéal na Scoile Uile



Cad é mar atá mé ag tacú le hionchuimsiú i mo sheomra ranga?

Cad é mar atá muid ag tacú le hionchuimsiú inár scoil?

Príomhdhoiciméid agus Tacaíochtaí



Oide.ie - An tSraith Shóisearach Cláir Foghlama Leibhéal 1 - Leibhéal 2

Oide.ie - An tSraith Shinsearach Cláir Foghlama Leibhéal 1 - Leibhéal 2

Leibhéal 1 Réimsí Curaclaim agus Sruthanna Roghnacha

Leibhéal 2 Réimsí Curaclaim agus Sruthanna Roghnacha

Tacaíocht don Seomra Ranga - Do Chách

Táscairí ar Chleachtas Éifeachtach.

Seo thíos táscaire amháin a tógadh ó Thascairí ar Chleachtas Éifeachtach d'Iar-bhunscoileanna, 2024



Féinmhachnamh - tabhair samplaí faoi na ceannteidil thíos

Táscaire: **An chuma atá air seo i gcleachtas scoile**	**Forbartha**	**Ag Forbairt**
Déanann múinteoirí ábhair faireachán ar an timpeallacht foghlama, agus oiriúnaíonn siad í, chun freastal ar na láidreachtaí agus na riachtanais éagsúla atá ag daoine óga ina seomra ranga, lena n-áirítear: • Tosca fisiciúla, leagan amach agus eagrú an spáis seomra ranga • Cineálacha uilechoiteanna cur chuige i leith an teagaisc, na foghlama agus an mheasúnaithe • Ionchais agus gnáthaimh a chur in iúl • Oiriúnuithe chun spéis foghlaimeoirí a mhealladh agus a chothú agus chun iad a inspreagadh		

Arna chur in oiriúint as an ROÓ, Táscairí ar Chleachtas Éifeachtach d'Iar bhunscoileanna, 2024, lch 17

Pleanáil le haghaidh Cuimsitheachta: An Foghlaimeoir Aonair a Choinneáil i gCuimhne

Smaoinigh ar an bhfoghlaimeoir/na foghlaimeoirí a aithníodh i do chomhthéacs scoile. Agus muid ag pleanáil do na foghlaimeoirí seo, cad é atá ar eolas againn cheana féin, agus cad é ba cheart dúinn a thuiscint ar dhóigh níos iomláine?

Tá soláthar éifeachtach suite laistigh de chreat ionchuimsitheach na scoile uile.

Tá an phleanáil bunaithe ar thuiscint ar láidreachtaí agus riachtanais an duine óig, rannpháirtíocht agus rannpháirteachas, agus na tacaíochtaí a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil

Coinnigh an foghlaimeoir sa lár

Láidreachtaí Cad iad na láidreachtaí, na suimeanna agus na cumais ar féidir linn cur leo?	**Riachtanais** Cad iad na riachtanais foghlama nó rannpháirtíochta atá á dtabhairt faoi deara againn?
Rannpháirtíocht Cad é a thacaíonn le rochtain fhiúntach, rannpháirteachas agus rannpháirtíocht?	**Freagra** Cad iad na cuir chuige, na tacaíochtaí nó na hathruithe d'fhéadfadh a bheith oiriúnach?

Príomhcheisteanna chun smaoineamh orthu maidir le pleanáil

Cén áit a bhfuil an scoláire ar chontanam na tacaíochta?

Cad é a rinne an scoláire sa tSraith Shóisearach agus san Idirbhliain?

Ar shainaithin muid a láidreachtaí, a riachtanais agus a gcumais?

Cad iad na hidirghabhálacha a bhí rathúil sa tSraith Shóisearach agus san Idirbhliain? Cén fáth?

Ar shainaithin muid príomhriachtanais foghlama an scoláire?

Ar chomhoibrigh muid leis an scoláire agus lena dtuismitheoirí/gcaomhnóirí maidir lena n-ionchais?

Ar bhain muid úsáid as an gComhad Tacaíochta do Scoláirí chun eolas a dhéanamh don phróiseas seo agus chun fianaise a choinneáil?

Réimsí Curaclaim agus Modúil CFL1 na Sraithe Sinsearaí

L 1

Uimhearthacht	• 4 mhodúl, 40 uair an chloig molta in aghaidh an mhodúil • 160 uair an chloig molta thar dhá bhliain
Cumarsáid agus Litearthacht	• 3 mhodúl, 60 uair an chloig molta in aghaidh an mhodúil • 180 uair an chloig molta thar dhá bhliain
Cúram Pearsanta	• 3 mhodúl, 60 uair an chloig molta in aghaidh an mhodúil • 180 uair an chloig molta thar dhá bhliain
Sruthanna Roghnacha	• 5 mhodúl, 60 uair an chloig molta in aghaidh an mhodúil • 300 uair an chloig molta thar dhá bhliain

Réimsí Curaclaim agus Modúil CFL2 na Sraithe Sinsearaí

L 2

Uimhearthacht	• 3 mhodúl, 60 uair an chloig molta in aghaidh an mhodúil • 180 uair an chloig molta thar dhá bhliain
Cumarsáid agus Litearthacht	• 4 mhodúl, 60 uair an chloig molta in aghaidh an mhodúil • 240 uair an chloig molta thar dhá bhliain
Cúram Pearsanta	• 1 mhodúl, 60 uair an chloig molta in aghaidh an mhodúil • 60 uair an chloig molta thar dhá bhliain
Sruthanna Roghnacha	• 7 modúl, 60 uair an chloig molta in aghaidh an mhodúil • 420 uair an chloig molta thar dhá bhliain

L 1

Ábhair roghnacha: 5 mhodúl thar dhá bhliain, le roghanna ina n-áireofaí:

Ceol	Ullmhúchán don saol tar éis na scoile	Cócaireacht	Sainspéis
Amharc-ealaín	Drámaíocht	Corpoideachas	Aire a thabhairt do mo thimpeallacht

L 2

Ábhair roghnacha: 7 modúl thar dhá bhliain le roghanna ina n-áireofaí*:

An t-am atá thart i m'áit	Scileanna TF	Litríocht
Mo shaol, m'airgeadas	Dearadh agus déan	

CNCM, Cláir Foghlama na Sraithe Sinsearaí: Leibhéal 1 agus Leibhéal 2, Ráiteas Cláir, 2024, lgh 11-12

Tacaíocht maidir le Pleanáil Chomhoibríoch

Cad é mar is féidir lenár bpleanáil rannpháirtíocht fhiúntach leis na réimsí curaclaim sna Cláir Foghlama ag Leibhéal 2 a chinntiú?



Cad é mar is féidir leat comhoibriú le comhghleacaithe chun a chinntiú go bhfuil an fhoghlaim seo ag tarlú le linn eispéiris na scoláirí sa tSraith Shinsearach?

Rianaire ar Mheasúnú, Pleanáil agus Comhoibriú a bhaineann le Réimsí Chroíchuraclaim CFL2 na Sraithe Sinsearaí



Cad é mar is féidir leat tacú le scoláirí chun an fhoghlaim a bhaint amach ina sruthanna roghnacha?

Ceisteanna leide chun smaoineamh orthu

An Foghlaimeoir
Cad iad na láidreachtaí, na suimeanna agus na riachtanais a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar a gcuid foghlama?

Rochtain agus rannpháirtíocht
Cad é a chuideodh leis an scoláire dul i ngleic leis an bhfoghlaim ar dhóigh fhiúntach?

Teagasc agus foghlaim
Cad iad na cuir chuige, na heispéiris nó na tacaíochtaí a d'fhéadfadh cuidiú leis an scoláire dul chun cinn a dhéanamh?

Fianaise ar fhoghlaim
Cad é mar is féidir leis an scoláire an méid atá ar eolas acu, a thuigeann siad nó is féidir leo a dhéanamh a chur in iúl?

Na chéad chéimeanna eile
Cad a d'fhéadfá a athrú, a threisiú nó cur leis de réir mar a fhorbraíonn an fhoghlaim?

Tacaíochtaí chun fianaise a bhailiú le haghaidh an mheasúnaithe don teistiúchán

Ag leathnú an méid a thugaimid faoi deara, a chláraíonn, is a aithníonn mar fhianaise ar fhoghlaim



- Grianghraif, físeáin nó taifeadtaí fuaime d'obair
- Grianghraif, físeáin, taifeadtaí d'idirghníomhaíochtaí le baill den phobal
- Samplaí oibre, obair scríofa, tascanna gairide
- Obair thionscadail (scríofa agus ar líne)
- Líníochtaí, sceitsí, cairteacha, léaráidí
- Breathnuithe múinteoirí
- Iontráil dialainne ón scoláire, bileoga machnaimh le scoláirí, piarmheasúnuithe

Cur chuige iomlánaíoch

Measúnú Cuirtear an foghlaimeoir iomlán agus a gcumais san áireamh i ngníomhaíochtaí measúnaithe.

Torthaí Foghlama atá beartaithe

Ní mór don fhianaise a thaispeáint go bhfuil an rochtain ag an scoláire ar na torthaí foghlama atá beartaithe agus go bhfuil dul chun cinn déanta acu.

Deiseanna Dóthanacha

Ba chóir go dtabharfaí deiseanna cuí do na scoláirí chun fianaise a dhéanamh a léiríonn a gcuid foghlama agus a ngnóthachtáil maidir leis na torthaí foghlama cuí.

Gníomhaíochtaí agus modhanna measúnaithe

Cuirtear an foghlaimeoir iomlán agus a gcumais san áireamh i ngníomhaíochtaí measúnaithe.

Punann an Scoláire

Bailítear fianaise i bpunann an scoláire. Is féidir í a bhailiú trí réimse leathan de ghníomhaíochtaí agus modhanna measúnaithe i bhfoirmeacha éagsúla.

Fianaise ar fhoghlaim, dul chun cinn agus gnóthachtáil

Lasmuigh den seomra ranga

Is féidir fianaise a bhailiú i bhfoirmeacha agus i suíomhanna éagsúla ag daoine eile (m.sh. tuismitheoir/caomhnóir, teiripeoir nó CRS nó gairmí eile), ach déanann an múinteoir í a mheas, a thaifeadadh agus a dheimhniú chun dul i bpunann an scoláire.

CNCM, Treoirlínte chun tacú leis an measúnú ar Chláir Foghlama Leibhéal 1 agus Leibhéal 2 de chuid na Sraithe Sinsearaí 2026

Critéir Mheasúnaithe: Leibhéal 2 na Sraithe Sinsearaí

An dóigh a ndéantar taifead den fhoghlaim agus gnóthachtáil d'fhoghlaimeoirí L2 ag an leibhéal a baineadh amach

Tuairisceoirí Gnóthachtála

Gnóthaithe
Léirigh an scoláire rannpháirteachas leis an bhfoghlaim ar a ndéantar cur síos sa mhodúl.

Léirigh an scoláire gur féidir leo cuid den fhoghlaim ar a ndéantar cur síos sa mhodúl a chur i bhfeidhm



Gnóthaithe le Tuillteanas
Léirigh an scoláire inniúlacht san fhoghlaim ar a ndéantar cur síos sa mhodúl.

Léirigh an scoláire gur féidir leo an fhoghlaim ar a ndéantar cur síos sa mhodúl a chur i bhfeidhm ar bhealach neamhspleách éiritheach.

Agus iad ag iarraidh tuairisceoir gnóthachtála sealadach a shocrú, roghnaíonn agus eagraíonn múinteoirí na píosaí fianaise is fearr a léiríonn foghlaim an scoláire do na modúil atá á meas. Déanann múinteoirí breithiúnas 'tomhaiste'.

1. Amharc go mion. Cad é a thugann tú faoi deara san fhianaise?

2. Smaoinigh ar an bhfoghlaim. Cad é a léiríonn an fhianaise maidir le foghlaim agus gnóthachtáil an scoláire?

3.Amharc tríd an bhfianaise. Nuair a chuirtear gach rud san áireamh, cad é a léiríonn an fhianaise maidir le foghlaim agus gnóthachtáil an scoláire?

Bailíochtú Inmheánach

Is é cuspóir na céime seo ná don mhúinteoir / do na múinteoirí atá freagrach as an modúl a theagasc smaoineamh ar Phunann an Scoláire agus tuairsceoir gnóthachtála sealadach a bhronnadh do gach modúl.



Trí chéim:

1. Pleanáil agus ullmhú
2. Tuairisceoirí gnóthachtála sealadacha a shocrú
3. Cruinniú athbhreithnithe

Bailíochtú Seachtrach

Tar éis an phróisis inmheánaigh, is é CSS an foras cáiliúcháin chun críocha teistiúcháin agus déanfaidh sé bailíochtú seachtrach.

Áirítear i mbailíochtú seachtrach cur chuige atá bunaithe ar shamplaí ina ndéantar athbhreithniú ar rogha de phunanna scoláirí.

Pleanáil don Fhoghlaim le Sonraíocht Athfhorbartha



Cad é ba cheart dúinn smaoineamh air agus muid ag pleanáil le sonraíocht athfhorbartha?



Maidir le d'ábhar féin, cad é ba cheart duit smaoineamh air agus scéim oibre á cruthú agat?

Pleanáil do CMBanna



Nuair a fhaigheann tú treoir CMB, cad é ba cheart duit smaoineamh faoi i do scéim oibre?

Pleanáil do CMBanna

Cad é mar is féidir linn tacú le scoláirí chun na scileanna a fhorbairt atá de dhíth chun dul i ngleic leis an CMB ar dhóigh éifeachtach?

Cad é mar a thacaíonn ár n-aonaid foghlama le rochtain, rannpháirteachas, agus gnóthachtáil do gach foghlaimeoir?

Leideanna Pleanála



Spás le haghaidh nótaí plé maidir le Pleanáil Rannóige

Cleachtais a Thacaíonn le, a Chothaíonn, agus a Dheimhníonn Obair na Scoláirí

Cad iad na cleachtais atá in úsáid agat faoi láthair chun tacú le hobair, í a chothú agus í a fhíordheimhniú?



Tógadh an íomhá seo (ar dheis) ó EFG 2025-2026 chun tagairt a dhéanamh do thaithí atá ann cheana féin maidir le tionscadail, scrúduithe béil nó tascanna eile a bhainistiú.

Is féidir go dtacófar le plé ach tagairt a dhéanamh dóibh seo chomh maith.



Ag Tacú le Freagracht Scoláirí

Cuir chuige ghairide féinmhonatóireachta ag príomhchéimeanna:

- Cén chéim ina bhfuil tú faoi láthair?
- Cad iad na cinntí a rinne tú an tseachtain seo?
- Cén fhianaise is mó a bhfuil tú muiníneach aisti?

Ár gCláir a Ailíniú Le Ráiteas an Chláir Idirbhliana

Cad é a d'athraigh tú i do chlár IB ó tugadh Ráiteas an Chláir Idirbhliana isteach?

Cad é mar atá ár gClár IB ag teacht leis na haidhmeanna agus leis an réasúnaíocht i Ráiteas an Chláir Idirbhliana?



Is ionann clár éifeachtach IB, rud a bheidh uathúil i ngach scoil, agus clár ina bhfeidhmíonn gach gné den churaclam chun an scoláire a fhorbairt i gcomhréir leis na Gnéithe Scoláire.



Is iad na ceithre **Ghné Scoláire** na príomhbhunchlocha ar a ndéantar cláir IB a dhearadh. Déantar cur síos ar na bealaí inar féidir leis an scoláire forbairt a dhéanamh san IB agus na heispéiris a bhféadfaí tacú leis an bhforbairt seo

- Fás Pearsanta
- A Bheith i d'Fhoghlaimeoir
- Rannpháirtíocht Shibhialta agus Phobail
- Taighde Gairme

Cuimsíonn gach ceann de na ceithre Ghné Scoláire tacar de **thascairí forbartha** agus **eispéiris scoláire** bhainteacha

Tá na **táscairí forbartha** ceaptha leis an scoláire agus an scoil a threorú agus leis na paraiméadair a leagan síos d'fhoghlaim agus d'fhorbairt an scoláire le linn na IB.

Tá **na heispéiris scoláire** ceaptha le héagsúlacht de dheiseanna agus de chomhthéacsanna féideartha a sholáthar chun tacú le foghlaim agus forbairt scoláire a bheadh ag teacht leis na táscairí forbartha.

Leis na ceithre **Ghné Churaclaim**, soláthraítear na paraiméadair deartha chun cabhrú le scoileanna a gclár IB a dhearadh, a mheastóireacht agus a athnuachan.

Comhpháirteanna
Le teaglaim den fhoghlaim leanúnach i roinnt ábhar, blaiseadh ábhair, modúil don IB amháin agus comhpháirteanna eile, cuirtear ar fáil tacar cothrom leathan d'eispéiris lena gcuimsítear na Gnéithe Scoláire.

Teagasc agus Measúnú
Oideolaíochtaí oiriúnacha éifeachtacha, le measúnú leanúnach, ag tacú leis an scoláire dul chun cinn a dhéanamh ina chuid foghlama agus san am céanna, ag cothú cleachtas nuálach sa seomra ranga.

Aithint & Tuairisciú
An bealach trína ndéantar foghlaim agus gnóthachtáil an scoláire i ngach réimse den IB a dhearbhú agus a cheiliúradh. Soláthraíonn tuairisciú san IB pictiúr leathan thar gach ceann de na Gnéithe Scoláire.

Athnuachan & Machnamh
Tríd an gclár IB a athbhreithniú, a mheastóireacht agus a nuashonrú, ar bhealach leanúnach ionchuimsitheach, ceadaítear an clár IB is fearr a fhorbairt a oireann d'fhoghlaim agus d'fhorbairt an scoláire.

Tús a Chur le Gnéithe Scoláire

Scríobh breac-chuntas ar mhodúl a theagascann tú do do scoláirí IB

Roghnaigh dhá thráscaire forbartha agus dhá eispéireas scoláirí ó gach gné a léiríonn an dóigh a bhfuil do mhodúl ag teacht le Ráiteas an Chláir Idirbhliana.



Oide
Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí
Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

Modúl/Éispéireas Idirbhliana a Mhapáil



Cad é mar is féidir leat an modúl seo a oiriúnú agus a shíneadh chun Táscairí Forbartha eile a chur san áireamh agus chun pleanáil d'Eispéiris Scoláirí atá saincheaptha?



Cad é mar is féidir linn a chinntiú go gcuimsítear gach foghlaimeoir sna heispéiris scoláirí seo?



Tacaíochtaí Idirbhliana Oide



Punann na hIdirbhliana

Cad iad na dóigheanna ar féidir le do mhodúl IB punann IB na scoláirí a fhorbairt?



Machnamh agus Athnuachan

Gnéithe Scoláire

Cad é mar a thacaíonn an modúl leis an scoláire chun forbairt a dhéanamh ar fud na gceithre Ghné Scoláire agus cad é mar is féidir é a neartú?

Teagasc d'Fhoghlaim na Scoláirí

Cad é mar a thugann an modúl seo tús áite do rannpháirtíocht, d'fhiosrú agus d'fhorbairt na scoláirí? ?

Measúnú

Cad é mar bhaintear foghlaim agus forbairt na scoláirí amach san IB agus cad é mar a chuirtear sin in iúl?

Meas

Cad é mar chuirimid guth an scoláire agus guth an mhúinteora san áireamh i meas an mhodúil seo?

Micreamhodúil IB



Cad é mar is féidir lenár bpleanáil IB eispéiris a chruthú a chuireann le scileanna, muinín agus le hullmhacht na scoláirí do chonairí éagsúla sa todhchaí?

Ar bPleanáil Ag Dul Chun Tosaigh

Cad iad na himpleachtaí a bheidh ag an seisiún seo ar do phleanáil don foghlaim san IB?

Cad iad na hathruithe a dhéanfaidh tú do do mhodúl?

Cad iad do chéad chéimeanna eile?



Tógtha ó Rolfe, G., Freshwater, D., Jasper, M., 2001

Leabharliosta

An Roinn Oideachais agus Óige (2026). Ciorclán 0072/2026: *Treoir in Iar-bhunscoileanna 2026:* https://www.gov.ie/ga/an-roinn-oideachais/ciorclain/treoir-in-iar-bhunscoileanna-2026/

An Chomhairle Naisiúnta Churaclaim agus Measúnachta (CNCM) (2024).*An Ardteistiméireacht Fheidhmeach Ráiteas Cláir* https://curriculumonline.ie/getmedia/15bea69c-e38d-4789-85a0-dcb1b6b36897/An-Ardteistimeireacht-Fheidhmeach-Raiteas-Clair.pdf

An Roinn Oideachais agus Óige (2022). *Ag Breathnú ar an Scoil Againne 2022: Creat Cáilíochta d'Iar-Bhunscoileanna:* https://www.gov.ie/ga/an-roinn-oideachais/foilseachain/ag-breathn%C3%BA-ar-an-scoil-againne-2022/

An Roinn Oideachais agus Óige (2025). *Tuarascáil Chigireachta na Roinne Oideachais (2021-2023) agus Athbhreithniú Téamach* https://www.gov.ie/ga/an-roinn-oideachais/feachtais/tuarasc%C3%A1il-chigireachta-na-roinne-oideachais-2021-2023-agus-athbhreithni%C3%BA-t%C3%A9amach/

An Roinn Oideachais agus Óige (2026). Traveller and Roma Education Strategy: Plan for Implementation and Action 2026-2028. https://assets.gov.ie/static/documents/09fe3ad4/TRES_plan_for_implementation_and_action_2026-2028.pdf

An Chomhairle Naisiúnta Churaclaim agus Measúnachta (CNCM) (2021). Junior Cycle Wellbeing Guidelines. Available at: https://ncca.ie/media/5062/updated-guidelines-2021_en.pdf

An Chomhairle Naisiúnta Churaclaim agus Measúnachta (CNCM) (2024). *Chláir Foghlama na Sraithe Sinsearaí: Leibhéal 1 agus Leibhéal 2 Ráiteas Cláir* https://www.curriculumonline.ie/ga-ie/senior-cycle/level-1-and-level-2-learning-programmes/

An Chomhairle Naisiúnta Churaclaim agus Measúnachta (CNCM) (2026). *Treoirlínte chun tacú leis an measúnú ar Chláir Foghlama Leibhéal 1 agus Leibhéal 2 de chuid na Sraithe Sinsearaí* https://www.curriculumonline.ie/getmedia/93680c9a-b5fa-4855-b6dc-d5ea7a8779e7/SCL1L2LP_Assessment-Guidelines_GA.pdf

An Roinn Oideachais agus Óige (2024). Guidelines for Post-Primary Schools: *Treoirlínte d'Iarbhunscoileanna Ag Tacú le Daoine Óga i Ranganna Príomhshrutha a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu* https://assets.gov.ie/static/documents/Treoirlinte-diarbhunscoileanna.pdf.pdf

An Roinn Oideachais agus Óige (2024). *Táscairí ar Chleachtas Éifeachtach d'Iar bhunscoileanna Ag Tacú le Daoine Óga i Ranganna Príomhshrutha a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu*: https://assets.gov.ie/static/documents/Tascairi-ar-chleachtas-eifeachtach-diarbhunscoileanna.pdf.pdf

An Chomhairle Naisiúnta Churaclaim agus Measúnachta (CNCM) (2025). *Chláir Foghlama na Sraithe Sinsearaí: Leibhéal 1 agus Leibhéal 2 Ráiteas Cláir*
https://www.curriculumonline.ie/ga-ie/senior-cycle/level-1-and-level-2-learning-programmes/

Oide. *Oideachas Ionchuimsitheach*.
https://oide.ie/ga/iar-bhunscoil/baile/oideachas-ionchuimsitheach/

An Chomhairle Naisiúnta Churaclaim agus Measúnachta (CNCM) (2024). *Treoirlínte chun tacú leis na Comhpháirteanna Measúnaithe Breise*
https://curriculumonline.ie/

An Chomhairle Naisiúnta Churaclaim agus Measúnachta (CNCM) (2024). *Ráiteas an Chláir Idirbhliana*.
https://curriculumonline.ie/ga-ie/senior-cycle/transition-year/

Coimisiún na Scrúduithe Stáit (2025). *Rialacha agus Nósanna Imeachta Obair Chúrsa 2025/2026*.
https://www.examinations.ie/docs/schoolscirculars/IR-1002-54302490.pdf

An Roinn Oideachais agus Óige (2025). *Ag Breathnú ar Cheol*.
https://assets.gov.ie/static/documents/07ea499f/20251209_Ag_Breathn%C3%BA_ar_Cheol.pdf

An Roinn Oideachais agus Óige (2026). *Ag Breathnú ar Tíreolaíocht*
https://assets.gov.ie/static/documents/f5784b03/20260311_Ag_Breathn%C3%BA_ar_an_T%C3%ADreola%C3%ADocht.pdf.

An Roinn Oideachais agus Óige (2025). Looking at Junior-Cycle Science Draft Guide for Post-Primary Schools. Available at: https://assets.gov.ie/static/documents/1ae76d1d/20251119_Looking_at_Junior-Cycle_Science.pdf

An Chomhairle Naisiúnta Churaclaim agus Measúnachta (CNCM) (2025) *Sonraíochtaí Churaclaim na hArdteistiméireachta.*
https://www.curriculumonline.ie

An Chomhairle Naisiúnta Churaclim agus Measúnachta (CNCM). (2024) *Príomhinniúlachtaí sa tsraith shinsearach*.
https://ncca.ie/media/4jpg4wnt/key-competencies-in-senior-cycle_ga.pdf

An Chomhairle Naisiúnta Churaclaim agus Measúnachta (CNCM). (2025). *Treoir maidir leis an gcomhpháirt Forbartha Punainne An Idirbhliain*
https://www.curriculumonline.ie/getmedia/8e707f2b-3ceb-47e4-b3e6-b34072060fdd/Guidance-for-the-Portfolio-Development-GA.pdf

An Chomhairle Naisiúnta Churaclaim agus Measúnachta (CNCM). (2024). *Micreamhodúl Idirbhliana a Fhorbairt Treoir agus Teimpléad*
https://www.curriculumonline.ie/getmedia/234eb0e8-6a9d-4625-b709-72995e4f3ce8/NCCA-TY-MM-Guidance-for-completing-the-template-GA.pdf

An Roinn Oideachais agus Óige (2026).*Comhaid Tacaíochta Scoláire a Threisiú Cinntí Cigireachta agus Ceisteanna Machnamhacha*
https://assets.gov.ie/static/documents/56226e31/20260513_Comhaid_Taca%C3%ADochta_Scol%C3%A1ire_a_Threisi%C3%BA.pdf

